Polasaí ar Ionduchtú scoláirí

Coláiste na bPiarsach

Ráiteas Misean

'Sí an aidhm atá againn ná timpeallacht foghlama a chruthú le gnéithe intleachtúla, fisiciúla, morálta, spioradálta, aeistéiticiúla agus mothúchánacha do gach scoláire a fhorbairt agus na scoláirí a spreagadh chun an sprioc is airde a bhaint amach ar son a leasa pearsanta féin agus a bpobal. Tá sé mar chuspóir againn ár dteanga, ár n-oidhreacht agus ár ndúchas a spreagadh agus a chaomhnú ar chuile bhealach agus mórtas cine a chothú.

Baineann an polasaí le: Scoláirí nua-chláraithe, tuismitheoirí, múinteoirí, bainistíocht an Choláiste.

Cúis: Chun modh oibre, cur chuige agus éiteas an Choláiste a mhiniú do scoláirí agus chun eolas cuí a chur ar fáil do thuismitheoirí/caomhnóirí.

Aidhmeanna

- Go mbeadh aithne ag gach scoláire nua ar a chomhscoláirí.
- Socrú scoláirí nua isteach sa Choláiste a chinntiú.
- Chun an t-aistriú ó scoil eile a easc ú.
- Bá a chothú le meon agus ethos an Choláiste.
- Eitic agus éifeacht oibre a chothú.

Ábhar

- Cuirfear scoláirí in aithne dá chéile.
- Cuirfidh an Príomhoide fáilte roimh rang nua sa Choláiste.
- Déanfaidh an Príomhoide na scoláirí a threoriú trí chórais an Choláiste.
- Beidh ról lárnach ag Comhairleoir Treorach an Choláiste in ionduchtú Bliain 1.
- I measc na gnéithe a phléifear beidh:
    - Cód iompair
    - Polasaí tromaíochta/bulaíochta
    - Tíreolas agus timpeallacht na scoile
    - Múinteoirí a chur in aithne
    - Scileanna staidéir agus polasaí obair bhaile.
- Éagrofar cruinniú do thuismitheoirí scoláirí bliain 1 luath sa bhliain scoile.
- I rith an tSamhradh sula dtagann na scoláirí chuig an gColáiste, cuirfear campa samhradh ar fáil dhóibh chun aithne níos fearr a chur ar a chéile agus ar an scoil.
- Ag tús an scoilbhliain, téann an chéad agus an dara bliain ar thuras lae chuig ionad eachtraíochta Ceapach na gCapall. Fobraíonn an lá seo an ceangal idir na blianta úd.

Cur i bhfeidhm agus monatóireacht

Cinntóidh an Príomhoide go mbeidh an t-eolas cuí ag scoláirí nua.

Déanfar athbhreithniú ar an bpolasaí seo ag tús an scoilbhliain 2018/9 nó níos tuisce má gá.

Faofa ag Bord Bainistíochta Coláiste na bPiarsach ar an

_____

Siníthe ag an gCathaoirleach_____